Ainmhithe óga

Treoracha agus moltaí

Is minic i bpictiúr-leabhair do pháistí a fheictear pictiúir d'ainmhithe agus d'ainmhithe óga, ach ní minic a bhíonn an stór focal seo ag tuismitheoirí.
Seo cluiche simplí a d'fhéadfaí a úsáid chun an stór focal seo a chleachtadh.

Treoracha

1. Beidh na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí (triúr nó ceathrar i ngach grúpa) don ghníomhaíocht seo.

2. Priontáil agus gearr suas na focail atá ar Bhileog 1. Cuir na cártaí beaga i gclúdach litreach agus bíodh clúdach litreach agat do gach grúpa sa rang.

3. Priontáil agus gearr na pictiúir ar Bhileog 2.

4. Iarr ar na grúpaí na pictiúir a mheaitseáil leis na focail. Sampla: 'cat'/'piscín'; 'madra'/'coileán'; 'caora'/'uan' etc.

Moltaí

1. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a leanúint le plé ar pheataí.

   Sampla:
   An bhfuil peataí agaibh sa bhaile? Cé a thugann aire dóibh? Cén cineál aire a bhíonn ag teastáil uathu? etc.

2. Tá roinnt rannta agus amhrán ar na dlúthdhioscaí *Rabhlaí Rabhlaí, Gugalaí Gug, Peigín Leitir Móir, Sicín Sona Sásta* etc. ina luaitear ainmhithe. D'fhéadfaí ceann nó dhó de na rianta sin a sheinnim do na foghlaimeoirí.

   Sampla:

   Sicín mise go sona sásta
   Táimse anseo sa tuí im' luí
   Féach anois ar mo dhá sciatháinín
   Eireabaillín álainn is goibín buí

   (is féidir aird a tharraingt anseo ar (i) an iarmhír '-ín' (ii) fuaimniú an défhoghair '-uí' i.e. 'tuí', 'luí').

Bileog 1

Piscín	**Coileán**	**Gamhain / Lao**
Uan	**Searrach**	**Gearrcach**
Mionnán	**Sicín**	

Bileog 2

Cat agus …

Capall agus …

Madra agus …

Caora agus …

Bó agus …

Gabhar agus…

Gaeilge do thuismitheoirí. Gaelscoileanna Teo.
Ábhar samplach do ranganna do thuismitheoirí
Sraith 1

Éan agus…

Cearc agus...